Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Comhairliúchán Poiblí maidir le Forbairt an Chláir Tosaíochtaí agus Beartais d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, 2026

## Achoimre ar an Tuarascáil Théamach

# Clár ábhair

**04 Achoimre Feidhmiúcháin**

**06 Réamhrá**

**08 Forléargas ar rannpháirtíocht sa chomhairliúchán**

08 Rannpháirtíocht na bhfreagróirí

09 Próifíl na bhfreagróirí

**16 Anailís agus torthaí substainteacha**

16 Ceist 1- Cad ba cheart d'Éirinn a roghnú mar thosaíochtaí téamacha ardleibhéil dá hUachtaránacht ar an gComhairle in 2026?

21 Ceist 2 - Cé na réimsí beartais agus na tograí reachtacha ar leith ba cheart a bheith ina bhfócas oibre d'Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle in 2026? Cad ba cheart d'Uachtaránacht na hÉireann díriú air sna réimsí sin?

23 Ceist 3 - Conas is féidir le hobair na Comhairle le linn théarma Uachtaránacht na hÉireann an tionchar dearfach is suntasaí a imirt ar dhaoine, ar ghnólachtaí agus ar phobail ar fud an AE?

25 Ceist 4 - Conas is fearr is féidir linn luachanna agus buntáistí na ballraíochta san AE a chur in iúl dá shaoránaigh agus mothú a chruthú, i measc na saoránach, gur leosan Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an AE?

26 Ceist 5 - Aon tuairim eile?

**27 Iarscríbhinn 1: Dáileadh iomlán théamaí agus fhothéamaí na n-aighneachtaí ar fad**

# Achoimre Feidhmiúcháin

Glacfaidh Éire Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ó mhí Iúil go mí na Nollag 2026, agus athrú suntasach straitéiseach, geilleagrach agus sochaíoch ag tarlú ar fud an AE. Ceanglófar leis an Uachtaránacht go ndéanfaidh Éire cathaoirleacht ar obair na Comhairle, go stiúrfaidh sí idirbheartaíocht reachtach agus go mbeidh sí ina hionadaí don Chomhairle le linn obair na Comhairle le hinstitiúidí eile an AE. Mar ullmhúchán, thug an rialtas faoi chomhairliúchán poiblí chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt an chláir tosaíochtaí agus beartais d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Ba é ab aidhm don chomhairliúchán rannpháirt a thabhairt do dhaoine eile le cois na ngnáthpháirtithe leasmhara agus raon leathan dearcthaí a bhailiú maidir leis an gcaoi ar féidir le hÉirinn breisluach a chur ar fáil trína ról Uachtaránachta.

Spreagadh leibhéal ard rannpháirtíochta sa chomhairliúchán, a bhfuarthas 484 aighneacht ó dhaoine aonair, eagraíochtaí sochaí sibhialta, gnólachtaí, acadóirí agus comhlachtaí ionadaíocha ina leith, agus tuiscint láidir léirithe ag go leor acu ar phróisis chinnteoireachta an AE agus an ról mar bhróicéir macánta atá in Uachtaránacht rothlach an AE. Cé gur ó dhearcthaí éagsúla earnála agus geografacha a phléigh na freagróirí na saincheisteanna, tugadh roinnt téamaí soiléire seasmhacha faoi deara.

Dar leis na rannpháirtithe sa chomhairliúchán scríofa gurb iad an t-iomaíochas agus fás an gheilleagair an tosaíocht is suntasaí d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Leag na freagróirí béim sheasta ar an ngá atá ann an Margadh Aonair a neartú, castacht neamhriachtanach rialála a laghdú agus rochtain ar infheistíocht a fheabhsú, go háirithe le haghaidh FBManna. Ag an am céanna d' áitigh go leor freagróirí nach mór díriú ar an iomaíochas mar bhealach a thacaíonn le comhtháthú sóisialta, inbhuanaitheacht comhshaoil agus aistriú cóir seachas mar chuspóir ann féin.

Tosaíocht a bhfuil dlúthghaol aici leis sin agus a chuir na freagróirí in iúl go láidir ná luachanna. Éilíodh in go leor aighneachtaí go mbeadh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE ina huachtaránacht dhuinelárnach lena dtreiseofaí an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus an cuimsiú sóisialta. Tharraing na freagróirí aird ar an tábhacht atá le comhtháthú san AE, lena n-áirítear maidir le héagothroime a laghdú i gcaighdeáin mhaireachtála, torthaí sláinte agus deiseanna ar fud na mBallstát agus na réigiún. Cuireadh an gníomhú ar son na haeráide i láthair go minic seachas mar chuspóir beartais, ach mar bhunluach Eorpach.

Ba mhinic a tagraíodh don tsláinte agus don fholláine, rud a léiríonn an taithí a bhí ag daoine le déanaí agus na rioscaí a bheidh ann amach anseo. Thathantaigh na freagróirí go leagfadh an AE béim níos láidre ar chosc galar, ullmhacht agus athléimneacht i gcórais sláinte agus go ndéanfadh sé gníomh chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais sláinte. Glacadh le nuálaíocht sláinte digití agus slabhraí slána soláthair cógaisíochta mar réimsí ina bhféadfadh tairbhí nithiúla a bhaint as comhar ag leibhéal an AE. Ba mhór idir na hábhair imní shonracha shláinte a luadh, ach measadh go coiteann gur cheart ról ní b'fheiceálaí a bheith ag an AE maidir le cosaint agus feabhsú na sláinte poiblí.

Saincheist leathan a tarraingíodh anuas arís is arís eile agus ar bhain gnéithe geilleagracha, sóisialta, comhshaoil agus daonlathacha léi ná an athléimneacht. Bhí go leor freagróirí ar son athrú i dtreo cur chuige ní ba réamhghníomhaí agus ní ba choiscthí, bíodh sé sin i ndáil leis an tsláinte, an t-oiriúnú don athrú aeráide, an fhorbairt scileanna nó cosaint na bpróiseas daonlathach. Maidir le Gnóthaí Eachtracha, Cosaint agus Slándáil, áitíodh sna haighneachtaí gur cheart seasamh le luachanna an daonlathais, an tsíocháin agus an smacht reachta agus aithníodh cúrsaí muirí agus cibearshlándála freisin mar ábhair imní atá ag dul i méid.

Bhí fócas ar leith ag na freagróirí ar an tionchar praiticiúil a bheadh ag Uachtaránacht an AE ar dhaoine, gnólachtaí agus pobail. I gcás na ndaoine aonair, chiallaigh sé sin gur cheart leas a bhaint as gníomh an AE chun an saol laethúil a fheabhsú, cearta sa ré dhigiteach a chosaint, tacú le fuinneamh inacmhainne agus seirbhísí poiblí a threisiú. I gcás na ngnólachtaí, bhí sé mar thosaíocht ghinearálta go mbeadh tuilleadh comhtháthaithe agus intuarthachta sa timpeallacht rialála chun tacú le nuálaíocht agus fás. I gcás na bpobal, leagadh béim láidir ar chosaint shóisialta, ionchuimsiú agus maoirseacht comhshaoil agus éilíodh go seasta go gcinnteofaí nach bhfágfaí daoine ná áiteanna ar lár as beartais an AE. Leag na freagróirí béim shuntasach freisin ar chumarsáid na hÉireann faoina hUachtaránacht ar an AE agus ar na buntáistí níos leithne a bhaineann le ballraíocht san AE.

I mbeagán focal, tugadh le fios sna haighneachtaí gur cheart go mbeadh an Uachtaránacht dírithe ar fhíorú buntáistí agus fhréamhaithe i luachanna. Cé gurbh uaillmhianach a n-ionchais, bhí formhór na bhfreagróirí réadúil faoin ról atá in Uachtaránacht rothlach an AE agus leag siad béim ar an deis atá ag Éirinn feidhmiú mar bhróicéir macánta a bheidh éifeachtach, creidiúnach agus bunaithe ar luachanna.

# Réamhrá

Beidh Éire i mbun Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Uachtaránacht an AE) den ochtú huair ó mhí Iúil go mí na Nollag 2026. Deis atá ann sin d'Éirinn ról tábhachtach a bheith aici maidir le clár oibre beartais agus reachtach an AE a mhúnlú ar bhealach a fhreagróidh ar leasanna agus riachtanais fhoriomlána an Aontais agus a Bhallstát. Is ríthábhachtach go n-éireoidh le hUachtaránacht an AE ó thaobh sheasamh agus thionchar na hÉireann san AE de.

I rith thréimhse sé mhí Uachtaránacht an AE, stiúrfaidh Éire clár oibre na Comhairle agus a próisis reachtacha agus ceaptha beartais. Déanfaidh airí agus oifigigh Éireannacha cathaoirleacht ar chruinnithe na Comhairle agus a comhlachtaí ullmhúcháin agus beidh Éire ina hionadaí don Chomhairle le linn idirghníomhaíocht na Comhairle le hinstitiúidí eile an AE.

San áireamh i gClár an Rialtais, tá gealltanas chun acmhainní a chur ar fáil d'Uachtaránacht an AE le rath a chur uirthi in 2026. Tá an obair phleanála don Uachtaránacht á stiúradh ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, i ndlúthchomhar le Roinn an Taoisigh agus trí rannpháirtíocht ghníomhach ó gach roinn rialtais.

Tá rath na hUachtaránachta ag brath ní hamháin ar phleanáil agus forghníomhú cúramach ón rialtas, ach ar rannpháirtíocht agus tacaíocht ghníomhach ó na príomhpháirtithe leasmhara freisin. Is bunriachtanach a rannpháirtíocht siúd chun a chinntiú go mbeidh tuiscint ar Uachtaránacht na hÉireann, go dtacófar léi agus go gcuirfear in iúl í go héifeachtach Foilseofar clár tosaíochtaí agus beartais na hÉireann dá hUachtaránacht ar an AE, 2026, i mí an Mheithimh 2026, tamall gearr roimh thús na hUachtaránachta. Chun eolas a dhéanamh don phróiseas sin, d'eagraigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála comhairliúchán poiblí ar gov.ie mar bhonn faoi fhorbairt an chláir tosaíochtaí agus beartais don Uachtaránacht. Ceapadh an comhairliúchán chun ardán ionchuimsitheach a chur ar fáil do dhaoine seachas na gnáthpháirtithe leasmhara agus neart tuairimí éagsúla a bhailiú.

Tríd an gcomhairliúchán poiblí, bhí sé mar aidhm ag an rialtas tuairimí, moltaí agus machnamh a bhailiú maidir leis an gcaoi is fearr ar féidir le hÉirinn a ról Uachtaránachta a chomhlíonadh; a chinntiú go mbeidh clár beartais na hUachtaránachta bunaithe ar dhearcthaí éagsúla ó shochaí uile na hÉireann; agus saincheisteanna, téamaí agus réimsí beartais uile-Aontais a aithint le haird ar leith a dhíriú orthu i rith Uachtaránacht na hÉireann.

## Dearadh agus inrochtaineacht an chomhairliúcháin

Dearadh an comhairliúchán poiblí de réir Phrionsabail agus Threoir Comhairliúcháin Phoiblí an rialtais. Comhlíonadh ceanglais cosanta sonraí leis agus bhí rochtain le fáil air i mBéarla agus i nGaeilge araon, lenar áiríodh leathanaigh ghréasáin agus foirmeacha aighneachta i ngach teanga a bhí comhlíontach maidir le hinrochtaineacht amhairc. Cé gur iarradh ar na freagróirí foirm aighneachta chaighdeánaithe i ndoiciméad Word a chomhlánú trí Bhéarla nó trí Ghaeilge, fuarthas ábhair mhalartacha agus fhorlíontacha i bhformáidí eile freisin agus scrúdaíodh iad chun cur chuige ionchuimsitheach a

chinntiú.

Socraíodh dearadh leathanach gréasáin agus fhoirm aighneachta an chomhairliúcháin tar éis athbhreithniú deisce ar chomhairliúcháin phoiblí den chineál céanna ar gov.ie agus tar éis plé le foirne a bhainistigh comhairliúcháin phoiblí den chineál céanna le déanaí. Ina theannta sin, eagraíodh an comhairliúchán poiblí ag an am céanna le próiseas pleanála fhorbairt an chláir tosaíochtaí agus beartais.

Bhí an comhairliúchán ar siúl ar feadh cúig seachtaine agus trí lá ón seoladh ar an 5 Samhain go dáta deiridh an 12 Nollaig 2025, ach glacadh le haighneachtaí déanacha ar feadh roinnt laethanta i ndiaidh an spriocdháta.

Chun seoladh an chomhairliúcháin a fhógairt, taispeánadh físteachtaireachtaí Béarla agus Gaeilge leis an Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Simon Harris TD, agus leis an Aire Stáit do Ghnóthaí Eorpacha agus Cosanta, Thomas Byrne TD, ar chainéil meán sóisialta agus gov.ie agus foilsíodh preaseisiúint ar gov.ie. Chuir na ranna rialtais seoladh an chomhairliúcháin in iúl do na príomhghrúpaí leasmhara earnála freisin.

## Dearadh fhoirm na haighneachta

Dearadh foirm aighneachta an chomhairliúcháin ina dhá chuid. Ar an gcéad dul síos, cuireadh eolas cúlra ar fáil do na freagróirí faoin bpróiseas comhairliúcháin agus faoi ról Uachtaránacht an AE. Ar an dara dul síos, iarradh ar na freagróirí foirm aighneachta chaighdeánaithe i ndoiciméad Word a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Is éard a bhí san fhoirm ná ceithre cheist éigeantacha (ainm, eagraíocht (dá mba ann di), dáta na haighneachta agus glacadh le téarmaí an phróisis comhairliúcháin) agus ceithre cheist roghnacha breise ina ndiaidh ar mhaithe le tuiscint ar phróifíl an fhreagróra.

Ina dhiaidh sin, bhí cúig cheist threoracha, ar iarradh ar na freagróirí uasmhéid 500 focal a scríobh ina bhfreagra ar gach ceann acu. Seo a leanas na ceisteanna:

- Ceist 1 – Cad ba cheart d'Éirinn a roghnú mar thosaíochtaí téamacha ardleibhéil dá hUachtaránacht ar an gComhairle in 2026?
- **Ceist 2** – Cé na réimsí beartais agus na tograí reachtacha ar leith ba cheart a bheith ina bhfócas oibre d'Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle in 2026? Cad ba cheart d'Uachtaránacht na hÉireann díriú air sna réimsí sin?
- **Ceist 3** – Conas is féidir le hobair na Comhairle le linn théarma Uachtaránacht na hÉireann an tionchar dearfach is suntasaí a imirt ar dhaoine, ar ghnólachtaí agus ar phobail ar fud an AE?
- **Ceist 4** – Conas is fearr is féidir linn luachanna agus buntáistí na ballraíochta san AE a chur in iúl dá shaoránaigh agus mothú a chruthú, i measc na saoránach, gur leosan Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an AE?
- **Ceist 5** – Aon tuairimí eile? (sa chás gur chuir freagróirí eolas breise ar fáil in éineacht lena bhfoirm aighneachta, iarradh orthu achoimre ar na hábhair lenar bhain a thabhairt faoin gceist sin).

# Forléargas ar rannpháirtíocht sa chomhairliúchán

I rith thréimhse fhoirmiúil an chomhairliúcháin idir an 5 Samhain agus an 12 Nollaig 2025, tugadh 10,639 cuairt suímh ar leathanach gréasáin an chomhairliúcháin ar gov.ie, arbh uathúil 9,129 cuairt ina measc, sin 280 cuairt suímh ar an meán gach lá. Ag deireadh an chomhairliúcháin, bhí 484 aighneacht faighte. Ba iad na formáidí inar chuir na freagróirí an fhoirm chomhairliúcháin isteach ná thart ar 51% sa bhundoiciméad Word, 46% in PDF, 3% tríd an ríomhphost agus aon litir fhisiciúil amháin. Fuarthas dhá aighneacht trí Ghaeilge. Fuarthas 62% de na haighneachtaí ar an lá deiridh den chomhairliúchán.

## Rannpháirtíocht na bhfreagróirí

Ó thaobh na rannpháirtíochta de, chloígh formhór na bhfreagróirí le formáid agus struchtúr na foirme aighneachta. Roghnaigh mionlach de na freagróirí doiciméad beartais nó a bhfreagra scríofa féin a chur isteach in ionad an fhoirm aighneachta a chomhlánú.

Ba i leith Cheist 1 agus Cheist 2 (94%) a bhí na rátaí freagartha ab airde, agus iad ag laghdú i leith Cheist 3 (85%) agus Cheist 4 (77%). D'fhéadfadh sé gurbh iad tuirse i measc na bhfreagróirí agus leagan amach na gceisteanna ba chomhchúis leis an bpatrún sin. Ceisteanna ginearálta a bhí sna ceithre cheist agus d'fhéadfadh sé gur bhraith na freagróirí gur léiríodh a dtuairimí go cuí sna ceisteanna tosaigh agus, dá bhrí sin, nach raibh aon eolas breise le cur ar fáil acu sna ceisteanna ina ndiaidh.

Ba ghnách gur léirigh na freagróirí go raibh tuiscint láidir acu ar ról Chomhairle an Aontais Eorpaigh, mar aon leis na freagrachtaí agus na srianta a bhaineann le hUachtaránacht rothlach an AE.
Ba léir ó na freagraí go ndearna na freagróirí iniúchadh ar na hábhair chúlra thacaíochta agus gur leag siad amach a gcuid ionchuir i gcomhréir le clár oibre straitéiseach an AE agus obair na Comhairle. Bhí fianaise ar an tuiscint sin le feiceáil sna freagraí ar na ceisteanna treoracha, inar aithníodh go seasta nach bhfuil cumhachtaí feidhmiúcháin ag baint leis an Uachtaránacht.
Leagadh béim ar leith i bhfriotal na bhfreagróirí ar fheidhmeanna agus carachtar Uachtaránacht an AE ó thaobh éascaíochta agus múnlú clár oibre de, agus téarmaí amhail ***cur chun cinn, tosaíocht, béim, tacaíocht, treisiú, cinntiú, díriú ar, dlús a chur le, cur chun feidhme agus dul chun cinn*** á n-úsáid acu go minic ina gcur síos ar na réimsí ar cheart d'Éirinn díriú orthu i rith na hUachtaránachta atá le teacht.

Lean go leor freagróirí an t-iarratas sonrach freisin chun ceangal a dhéanamh idir a bhfreagraí, dá mba chuí, agus Clár Oibre Straitéiseach an AE, 2024-2029; clár reachtach na Comhairle; na tograí reachtacha a bhí beartaithe i gclár oibre an Choimisiúin Eorpaigh, 2026; nó obair foirmíochta ábhartha de chuid na Comhairle.
Léargas ar an bpointe sin is ea gur luaigh thart ar 68% de na freagróirí comhad sonrach amháin de chuid an AE ar a laghad, bíodh sé sin ina reachtaíocht reatha de chuid an AE, ina reachtaíocht bheartaithe nó ina straitéis

de chuid an AE. Ar a bharr sin, rinne thart ar 21% de na freagróirí tagairt shoiléir d'fhoirmíocht amháin de chuid na Comhairle ar a laghad.

## Próifíl na bhfreagróirí

Fiafraíodh ceithre cheist roghnacha an fhoirm chomhairliúcháin ar mhaithe le tuiscint ar an raon dearcthaí a fuarthas mar chuid den phróiseas comhairliúcháin. Seo a leanas na ceisteanna agus na garbhrátaí freagartha:

» Cineál freagróra (i.e. duine aonair, ENR, gnólacht, acadóir, údarás áitiúil etc.) – 96%

» Cad é d'earnáil/réimse oibre? – 96%

» Cad é do cheangal leis na saincheisteanna a bhfuil tú ag tabhairt aiseolais fúthu? Mar shampla, an bhfuil tú i do chleachtóir saineolach, i do dhuine ar a bhfuil tionchar ag saincheist bheartais, i do bhall den phobal ag a bhfuil spéis ghinearálta sna topaicí etc.? – 91%

» Déan cur síos ar d'fhócas geografach i gcomhthéacs d'aighneachta. Mar shampla, tuaithe, uirbeach, náisiúnta nó ar fud an AE. – 88%

## Cineál freagróra

Ba ghnách gur thug na freagróirí freagraí díreacha ar an gceist sin, a raibh sé éasca na torthaí a chainníochtú dá bharr sin, mar atá léirithe i dTábla 1 thíos. Ba é an cohórt ***Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, an tSochaí Shibhialta agus an Earnáil Neamhbhrabúis*** ba mhó a rinne aighneachtaí, ag breis agus 37%, agus tháinig díreach faoi 23% de na haighneachtaí ón gcohórt ***Gníomhaithe Gnó agus Geilleagair***. Ba iad ***ENRanna*** (25.6%), ***Gnólachtaí*** (14.1%) agus ***Daoine Aonair*** (11.5%) an sciar ba mhó de na cineálacha freagróirí.

| | |
|---|---|
| **Eagraíochtaí Neamhrialtasacha, an tSochaí Shibhialta agus an Earnáil Neamhbhrabúis (37.4% san Iomlán)** | |
| ENR | 25.6% |
| Eagraíocht Neamhbhrabúis | 6.2% |
| Carthanacht | 2.8% |
| Tionscnamh | 2.6% |
| Pobal Reiligiúnach | 0.2% |
| **Gníomhaithe Gnó agus Geilleagair (22.9% san Iomlán)** | |
| Gnólacht | 14.1% |
| Cumainn Ghnó, Trádála agus Tionsclaíochta | 8.8% |
| **Daoine Aonair (11.5% san iomlán)** | |
| Daoine Aonair | 11.5% |
| **An Earnáil Acadúil agus Taighde (10% san Iomlán)** | |
| Acadóirí, Institiúidí Acadúla agus Cumainn Acadúla | 9.8% |
| Meitheal Mhachnaimh | 0.2% |
| **Ionadaíocht Saothair, Grúpaí Comhpháirtíochta Straitéisí agus Grúpaí Sainleasa Ionadaíoch Ghinearálta (11.1% san Iomlán)** | |
| Comhlacht Ionadaíoch | 7.3% |
| Ceardchumann | 1.7% |
| Cuibhreannas Straitéiseach | 1.3% |
| Líonra Cumann | 0.9% |
| **Comhlachtaí na hEarnála Phoiblí, Comhlachtaí Atá Bainteach leis an Rialtas agus Comhlachtaí Idir-rialtasacha (7% san Iomlán)** | |
| Comhlacht Poiblí | 4.3% |
| Eagraíocht Pholaitiúil | 1.3% |
| Ionadaí Tofa | 1.1% |
| Comhlacht Leathstáit Tráchtála | 0.2% |
| Gníomhaireacht Idirnáisiúnta | 0.2% |

*Tábla 1: Dáileadh na gcineálacha freagróirí de réir an ghrúpa freagróirí*

## Earnáil/réimse oibre na bhfreagróirí

Bhí na freagraí ar na ceisteanna sin ní ba ghinearálta agus ní b'éagsúla, rud a léiríonn raon leathan na gcúlraí gairmiúla agus pearsanta a bhí le fáil i measc na bhfreagróirí. Chun críche an tuairiscithe, grúpáladh na freagraí ina gcatagóirí earnála ní ba ghinearálta chun tacú leis an anailís agus an cur i láthair, mar atá léirithe i dTábla 2 thíos.

| Foinse/Réimse Oibre | Sciar |
|---|---|
| Cúram Sláinte, Beartas Sláinte agus Cógaisíocht | 20.5% |
| Beartas Sóisialta: Cur Chun Cinn Chearta an Duine, Obair Charthanach, Gnóthaí Saothair, Cúram Sóisialta agus Forbairt Pobail Áitiúil | 16.6% |
| Cuntasaíocht, Baincéireacht, Fiontraíocht, Airgeadas, Árachas, Dlí agus Trádáil | 10.2% |
| Comhshaol: Leas Ainmhithe, Gníomhú ar son na hAeráide, Inbhuanaitheacht, Gairneoireacht | 8.0% |
| An Saol Acadúil, Ardoideachas agus Taighde | 6.1% |
| Teicneolaíocht Faisnéise, Teileachumarsáid, Seirbhísí Digiteacha, IS, Príobháideachas agus Cibearshlándáil | 5.6% |
| Craoladh, na Meáin, Ealaíona Cruthaitheacha, Cultúr agus Spórt | 5.0% |
| Gnóthaí Idirnáisiúnta, Forbairt agus Obair Dhaonnúil | 4.5% |
| Gnóthaí Poiblí agus Riarachán | 4.5% |
| Fuinneamh agus Aistriú | 3.9% |
| Iompar agus Stóráil | 3.2% |
| Talmhaíocht, Feirmeoireacht agus Córais Bhia | 2.8% |
| Oideachas: Beartas, Teagasc agus Oiliúint | 2.6% |
| Bia agus Deoch, Fáilteachas agus Turasóireacht | 1.9% |
| Déantúsaíocht Ghinearálta, Tógáil agus Innealtóireacht | 1.9% |
| Ar Scor | 1.5% |
| An Earnáil Mhiondíola agus Seirbhísí | 1.1% |

*Tábla 2: Dáileadh earnálacha/réimsí oibre na bhfreagróirí*

Ba iad ***Cúram Sláinte, Beartas Sláinte agus Cógaisíocht*** an earnáil/réimse oibre ba mhó a léiríodh, lena raibh baint ag 20.5% de na freagróirí. Ina dhiaidh sin, bhí ***Beartas Sóisialta: Cur Chun Cinn Chearta an Duine, Obair Charthanach, Gnóthaí Saothair, Cúram Sóisialta agus Forbairt Pobail Áitiúil*** ag 16.6% agus ***Cuntasaíocht, Baincéireacht, Fiontraíocht, Airgeadas, Árachas, Dlí agus Trádáil*** ag 10.2%. B'ionann gach earnáil/réimse oibre eile agus 10% de na freagróirí, rud a léiríonn raon leathan na gcúlraí earnála a bhí le fáil ina measc.

## An ceangal a bhí ag na freagróirí leis na saincheisteanna a raibh siad ag tabhairt aiseolais fúthu

Ba leathan na freagraí ar an gceist sin, rud a léiríonn an meascán leathan de dhearcthaí a spreagadh tríd an gcomhairliúchán. I bhfianaise éagsúlacht na bhfreagraí sin, níorbh fhéidir iad a chatagóiriú ná a chainníochtú agus, dá réir sin, is cáilíochtúil an anailís a rinneadh orthu. I bhformhór na gcásanna, d'úsáid freagróirí an cheist sin chun a mhíniú cén fáth ar bhraith siad go raibh ceangal acu leis na saincheisteanna a raibh siad ag tabhairt aiseolais fúthu. Cé go raibh éagsúlacht sna freagraí, tugadh roinnt téamaí coitianta faoi deara.

Ba ó dhearcadh pearsanta a phléigh go leor freagróirí leis an gceist, agus cur síos á dhéanamh acu go minic ar an tionchar díreach atá ag beartais áirithe orthu.

Thug roinnt freagróirí le fios gur saoránaigh nó baill de phobal an AE nó na hÉireann iad agus thagair freagróirí eile d'imthosca ní ba phearsanta, amhail tuismitheoirí a bhí buartha faoina mbeadh i ndán dá leanaí.

D'úsáid roinnt grúpaí abhcóideachta agus comhlachtaí ionadaíocha an mhír sin den fhoirm chun léargas a thabhairt ar na daoine a raibh ionadaíocht á déanamh dóibh ina n-aighneacht. Thug na freagróirí sin chun suntais go minic gur ag labhairt thar ceann grúpa nó togh-ghrúpa i gcoitinne a bhí siad, rud a threisigh an ceangal a bhí acu leis na saincheisteanna a tarraingíodh anuas.


Rinne eagraíochtaí eile – ina measc, carthanachtaí, eagraíochtaí daonnúla, grúpaí ionadaíocha do mhionlaigh agus daoine faoi mhíchumas, gnólachtaí agus grúpaí comhshaoil – cur síos ar a gcuid oibre agus an tionchar atá aici ag leibhéal na tíre nó an AE, a ndearna siad ceangal díreach idir sin agus na saincheisteanna a pléadh ina n-aighneacht.

Tharraing freagróirí a raibh cúlra acu sa saol acadúil, sa taighde nó i mbeartas an AE aird ar a gcuid saineolais ar a réimse féin agus a rannpháirtíocht leanúnach maidir le ceapadh beartas, plé agus díospóireachtaí an AE.

## Fócas geografach na bhfreagróirí


Iarradh ar na freagróirí fócas geografach a n-aighneachta a shonrú, amhail ag leibhéil tuaithe, uirbeach, náisiúnta nó ar fud an AE, rud a thug léargas ar an dearcadh ónar thug siad faoin gcomhairliúchán. Agus fócas amháin aitheanta ag formhór na bhfreagróirí, glacadh leis go raibh fócas il-leibhéil ag na freagróirí a liostaigh níos mó ná réimse amháin. Tugann sé sin le fios go raibh éagsúlacht i dtaithí agus scála na ndearcthaí a bailíodh tríd an gcomhairliúchán. Léirítear torthaí na hanailíse sin i bhFíor 1.

*Fíor 1: Dáileadh na bhfreagróirí de réir an fhócais gheografaigh*





Bhí fócas ***ar fud an AE*** ag 32.1% de na freagróirí agus fócas ***Il-leibhéil*** ag 31.4% díobh. Shonraigh go leor eagraíochtaí, gnólachtaí agus comhlachtaí ionadaíocha a d'fhreagair an comhairliúchán poiblí go raibh siad ina mball de mháthaireagraíocht nó máthairchomhlacht ag leibhéal an AE, i mbun gnó agus rannpháirtíocht shuntasach ag leibhéal an AE nó ag feidhmiú mar eagraíochtaí ag leibhéal an AE i leith an chomhairliúcháin. Léiríonn sé sin an spéis shuntasach, lasmuigh d'Éirinn ag leibhéal an AE, atá á cur in Uachtaránacht na hÉireann atá le teacht. Gné eile a thacaíonn leis sin is ea gur lú an sciar nach raibh ach fócas ***Náisiúnta*** acu, ag 18.7%. Bhí fócais gheografacha ag an leibhéal áitiúil le feiceáil freisin. Le chéile, b'ionann na freagróirí a shonraigh go raibh fócas ***Réigiúnach*** nó ***Uirbeach*** ina n-aighneacht agus thart ar 12.4% de na haighneachtaí ar fad.

Agus scrúdú níos mine á dhéanamh ar na fócais gheografacha ar fud na ngrúpaí freagróirí, tugtar patrúin bhreise faoi deara. Léirítear na torthaí maidir leis na trí ghrúpa freagróirí ba mhó i bhFíor 2.





**ENRanna, an tSochaí Shibhialta agus an Earnáil Neamhbhrabúis**

- Fócas il-leibhéil (30.7%)
- Ar fud an AE (28.9%)
- Náisiúnta (25.3%)
- Regional (9.6%)
- Other; Including: Urban, Global, Island of Ireland (3%)
- Uirbeach (2.4%)




**Gníomhaithe Gnó agus Geilleagair**

- Ar fud an AE (48.5%)
- Fócas il-leibhéil (25.3%)
- Náisiúnta (14.1%)
- Réigiúnach (4%)
- Eile; Lena n-áirítear: Uirbeach, Domhanda, Oileán na hÉireann (6.1%)
- Tír Eile (2%)




**Daoine Aonair**

- Ar fud an AE (44.2%)
- Fócas il-leibhéil (25%)
- Réigiúnach (15.4%)
- Eile; Lena n-áirítear: Uirbeach, Domhanda, Oileán na hÉireann (9.6%)
- Náisiúnta (5.8%)

*Fíor 2: Fócais gheografacha na bhfreagróirí de réir na ngrúpaí freagróirí ba choitianta*

Sonraíodh fócas Náisiúnta ní ba mhó i measc fhreagróirí an ghrúpa ***ENRanna, an tSochaí Shibhialta agus an Earnáil Neamhbhrabúis*** i gcomparáid leis an sampla iomlán (25.3% vs 18.7%). I gcodarsnacht leis sin, ba dhóichí gur shonraigh na grúpaí ***Gníomhaithe Gnó agus Geilleagair*** agus ***Daoine Aonair*** fócas ***ar fud an AE***, ag 48.5% agus 44.2% faoi seach. Bhí an fócas ***Náisiúnta*** íseal i measc an ghrúpa ***Daoine Aonair*** freisin, nár taifeadadh ach 5.8% ina leith. Féadfar é sin a mhíniú, áfach, má chuirtear san áireamh gur shonraigh an ceathrú cuid de na freagróirí aonair go raibh fócas ***Réigiúnach*** nó ***Uirbeach*** acu.

Cé gur tharraing roinnt freagróirí saincheisteanna a bhaineann le hoileán na hÉireann anuas, shonraigh thart ar 13 fhreagróir go sainráite gurbh é ***Oileán na hÉireann*** fócas geografach a n-aighneachta. D'áitigh na freagróirí sin go bhfuil Uachtaránacht na hÉireann ar an AE ina sárdheis chun léargas a thabhairt ar an rath a bhí ar Chomhaontú Aoine an Chéasta, samhlacha comhair trasteorann agus infheistíocht an AE i dTuaisceart Éireann agus réigiúin na teorann.

Maidir leis na freagróirí a shonraigh go raibh fócas ***ar fud an AE*** (32%) agus ***Il-leibhéil*** (31%) ina n-aighneacht, bhí sciar suntasach díobh ina n-eagraíochtaí nach bhfuil lonnaithe in Éirinn. Tá go leor de na heagraíochtaí sin lonnaithe sa Bhruiséil, agus fócas ar leith acu ar ghnóthaí an AE. Is faide i gcéin atá eagraíochtaí eile nach iad lonnaithe – ina measc, eagraíochtaí, comhlachtaí ionadaíocha agus fiontair atá lonnaithe in SAM – a rinne aighneacht i bhfianaise a láithreachta gnó i margadh na hÉireann agus margadh an AE i gcoitinne.

# Anailís agus torthaí substainteacha

Rinneadh scrúdú cúramach ar gach aighneacht a fuarthas, lenar áiríodh aon ábhar breise a chuir na freagróirí ar fáil. Baineadh anailísiú agus torthaí na n-aighneachtaí as na freagraí ar na ceithre cheist threoracha; as Ceist 5, arbh fhéidir aon tuairim nó achoimre a thabhairt fúithi ar na hábhair bhreise a cuireadh ar fáil; agus as aon ábhar breise a chuir na freagróirí ar fáil. Glacadh cur chuige measctha idir cháilíochtúil agus chainníochtúil i leith anailísiú na n-aighneachtaí.

Ullmhaíodh achoimre in aghaidh an fhreagra ar gach ceist, ach amháin sa chás nár tugadh freagra ar an gceist nó nach raibh dóthain sonraí sa fhreagra chun achoimre a scríobh. Lena chois sin, sannadh suas le trí théama agus trí fhothéama chomhfhreagracha do gach aighneacht de réir na bhfreagraí a tugadh faoi na ceisteanna treoracha, agus Ceist 1 go príomha. De thoradh shannadh na dtéamaí agus na bhfothéamaí, éascaíodh léargas cainníochtúil ar na tosaíochtaí téamacha faoi Cheist 1 agus dearcadh ar na príomh-shaincheisteanna a luadh ar fud na n-aighneachtaí. Níor sannadh trí théama agus trí fhothéama do gach aighneacht. Ar an meán, sannadh thart ar 1.7 téama in aghaidh na haighneachta. Sna ceithre mhír seo a leanas, pléitear na torthaí de réir gach cinn de na ceithre cheist éigeantacha.

## Ceist 1

### Cad ba cheart d'Éirinn a roghnú mar thosaíochtaí téamacha ardleibhéil dá hUachtaránacht ar an gComhairle in 2026?

Ba iad **Iomaíochas agus Fás** an téama ba shuntasaí i measc na n-aighneachtaí ar fad, agus é i bhfoirmeacha éagsúla agus ag baint le cuid mhór réimsí téamacha.

Ba mhinic a rinne na freagróirí cur síos, mar réimse tosaíochta d'Uachtaránacht na hÉireann atá le teacht, ar fhorbairt agus neartú an Mhargaidh Aonair chun fás a bhaint amach. Go háirithe, ba mhinic a luadh gur cheart Aontas Coigiltis agus Infheistíochta (ACI) a bhunú chun gluaiseacht chaipitil níos saoire a bhaint amach.

Luaigh go leor freagróirí ó raon earnálacha agus tionscal ról na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) maidir le tacú le fás agus nuálaíocht.

Ba cheart maoiniú agus tacaíocht ar leith a dhíriú i dtreo na bhfiontar sin chun cur le haidhmeanna an chláir oibre iomaíochais.

Rinneadh neart plé ar an gclaochlú digiteach in éineacht le hiomaíochas agus fás. Tarraingíodh aird ar infheistíocht sa taighde ar ardteicneolaíochtaí mar riachtanas chun iomaíochas an AE a chur chun cinn. Ba mhinic a tarraingíodh aird ar shimpliú na rialachán maidir leis an IS freisin chun tacú le bunú gnólachtaí digiteacha, a meallfaí infheistíocht agus a gcuirfí

borradh faoi iomaíochas an AE dá réir. I dtaca leis na héilimh sin ar shimpliú agus ar dheiseanna fáis leis an IS, ba mhinic a cúitíodh iad le héilimh go n-aithneofaí na dúshláin a bhaineann leis an IS amhail eitic, ardchaighdeáin a choinneáil i rialachas an IS agus cosaint ábhair atá faoi chóipcheart a chinntiú.

Rinneadh go leor plé ar bheartas tionsclaíoch sa díospóireacht faoi fhás. Tharraing na freagróirí aird go minic ar acmhainneacht fáis na dtionscal a bhfuil baint acu le teicneolaíochtaí glan-nialasacha mar aon le cosaint agus slándáil. D'aontaigh na freagróirí go ginearálta gurb éard atá riachtanach d'iomaíochas an AE, in éineacht le hathruithe beartais ag an leibhéal tionsclaíoch, ná lucht saothair iomaíoch a sheasfaidh an aimsir. Dá réir sin, ba cheart a lorg in Uachtaránacht na hÉireann go gcuirfí scileanna agus oideachas chun cinn ar bhealach ní ba láidre i gcomhthéacs fheachtas iomaíochais an AE.

Rinne go leor freagróirí trácht ar a thábhachtaí atá sé cothromaíocht a aimsiú idir bheith an-iomaíoch agus bheith ag cumhdach cur chuige 'daoine ar dtús' lena gcuirfí dúshláin shochaíocha san áireamh. Na cúrsaí ba mhó a cuireadh san áireamh sa chomhthéacs sin ná forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, spriocanna aeráide a chomhlíonadh agus an t-aistriú dúbailte digiteach agus glas a chur i bhfeidhm ar bhealach cóir gan grúpaí leochaileacha a fhágáil ar lár.

Ba iad **Luachanna** an dara téama ba choitianta, agus aird á tarraingt ag na freagróirí ar raon leathan tuairimí a bhain le daonlathas, comhionannas agus comhtháthú sóisialta.

Ba cheart go mbeadh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE dírithe ar dhaoine, agus folláine, cearta agus ionchuimsiú na saoránach á gcumhdach inti. Ba cheart go mbeadh an Uachtaránacht tiomanta do luachanna sonracha Eorpacha amhail seasamh leis an tsíocháin agus í a chur chun cinn, an daonlathas agus an smacht reachta a dhaingniú, srian a chur leis an neamhionnanas agus cosaint agus urramú chearta an duine a chinntiú san AE agus níos faide i gcéin. Lena chois sin, luaigh go leor freagróirí an gníomhú ar son na haeráide agus cur chun cinn an aistrithe chóir ní hamháin mar chuspóirí beartais don AE, ach mar bhunluachanna. D'áitigh na freagróirí gur sárdheis í Uachtaránacht na hÉireann chun bheith ag éileamh 13 Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) ina gcuirfí na bunluachanna sin de chuid an AE san áireamhmar is cuí.

Ba cheart leanúint de chur chun cinn an chomhtháthaithe san AE chun a chinntiú go mbeidh na caighdeáin a bhaineann le sláinte, tithíocht, laghdú na bochtaineachta agus oideachas, ag teacht le chéile ar fud Bhallstáit an AE. Chun fás cothrom a chinntiú ar fud na mBallstát, ba cheart go mbeadh ról láidir ag forbairt réigiúnach sa phróiseas sin. Ba cheart maoiniú a imfhálú chun na críche sin sa CAI faoi réimsí comhtháthaithe na hinfheistíochta.

Ba iad **Sláinte agus Folláine** an tríú téama ba choitianta. Bhí na tosaíochtaí a leagadh amach faoin téama sin sách

éagsúil agus leathan, ach tharraing formhór na bhfreagróirí aird ar na réimsí seo a leanas:

Ba cheart beartas sláinte a dhíriú ar chúram sláinte poiblí a bheadh bunaithe ar chosc galar agus treisiú ullmhacht na gcóras sláinte, agus aghaidh á tabhairt ar neamhionannais sláinte ag leibhéal an AE. Ag tagairt siar don téama 'Iomaíochas agus Fás', ba cheart tacú le nuálaíocht sa tsláinte dhigiteach agus treisiú na slabhraí soláthair cógaisíochta. I measc na n-ábhar ní ba shonraí ar tagraíodh dóibh, bhí an tsláinte inchinne, an tsláinte chardashoithíoch, an mheabhairshláinte agus an troid in éadan an anaifiolacsais.

Saincheist leathan a bhain le go leor téamaí ná **Athléimneacht.** Déantar cur síos anseo istigh ar chuid de na comhthéacsanna ina ndearnadh plé ar athléimneacht.

De thoradh iomaíochas agus fás a lorg agus lucht saothair a sheasfaidh an aimsir a fhorbairt, féadfaidh an AE a athléimneacht gheilleagrach a léiriú.

Ba cheart cuimsiú agus rannpháirtíocht saoránach i bpróisis pholaitíochta agus chomhairliúcháin a spreagadh in Uachtaránacht na hÉireann chun athléimneacht dhaonlathach a chur chun cinn agus a choinneáil mar aon le dúthracht a chaitheamh le luachanna, comhtháthú sóisialta a chur chun cinn agus easaontas a chosc chun cur le hathléimneacht shóisialta an AE.

Ba mhinic in aighneachtaí a bhain freagraí na bpáirtithe leasmhara comhshaoil leis an athléimneacht comhshaoil, ar féidir í a bhaint amach de thoradh gníomhú uaillmhianach ar son na haeráide a lorg, gnáthóga éiceolaíocha a chosaint agus aistriú cóir a chinntiú. Ar deireadh, ba mhinic a luadh athléimneacht i gcomhthéacs beartas réamhghníomhach agus coisctheach, agus an bhéim á leagan ar aistriú ó bhainistíocht fhrithghníomhach géarchéime go cosc réamhghníomhach. Rinneadh go leor plé ar an méid sin i réimsí amhail ullmhacht sláinte agus i gcomhthéacs slándála.

Tarraingíodh **Gnóthaí Eachtracha, Cosaint, Slándáil agus Cur Chun Cinn na Síochána** anuas ní b'annaimhe i roinnt aighneachtaí.

Leag na freagróirí béim láidir ar luachanna an daonlathais agus an smacht reachta mar threoirphrionsabail i mbeartas eachtrach. In Uachtaránacht na hÉireann, d'ainneoin na srianta a bheidh uirthi ó thaobh slándála agus cosanta de, ba cheart brú a chur ar an AE an tsíocháin a chur chun cinn trí thaidhleoireacht idirnáisiúnta. Cé gur le comhthéacsanna muirí agus cibearshlándála a bhain plé slándála na bhfreagróirí go príomha, mhol líon ní ba lú díobh go dtreiseofaí cumas slándála na hEorpa.


## Measúnú cainníochtúil ar na freagraí

Mar thaca leis an measúnú cáilíochtúil, tá an mhapáil chainníochtúil ar na téamaí thíos i dTábla 3. Sa tábla, léirítear dáileadh na dtéamaí a sannadh do na haighneachtaí, agus iad rangaithe de réir na minicíochta.

| Na Téamaí Uileghabhálacha a Aithníodh | Dáileadh na dTéamaí a Aithníodh |
|---|---|
| 1. Iomaíochas | 14.2% |
| 2. Luachanna | 12.3% |
| 3. Sláinte | 11.5% |
| 4. Comhshaol | 10.0% |
| 5. Beartas Sóisialta | 8.5% |
| 6. Cúrsaí Digiteacha, Teileachumarsáid agus Teicneolaíocht | 7.9% |
| 7. Gnóthaí Eachtracha, Slándáil agus Cosaint | 6.3% |
| 8. Beartas Fostaíochta agus Saothair | 4.9% |
| 9. Ceartas | 4.6% |
| 10. Fuinneamh | 4.5% |
| 11. Talmhaíocht | 3.8% |
| 12. Oideachas agus Gnóthaí Óige | 3.7% |
| 13. Geilleagar/Airgeadas | 3.1% |
| 14. Cultúr agus Spórt | 2.6% |
| 15. Iompar | 1.2% |
| 16. Gnóthaí Tomhaltóirí | 0.7% |
| 17. Méadú | 0.2% |


*Tábla 3: Na Téamaí Uileghabhálacha a Aithníodh*

Sannadh fothéamaí – fócais théamacha níos sonraí i ngach téama ginearálta – d’aighneachtaí freisin. I bhFíor 3 thíos, léirítear dáileadh na bhfothéamaí ar fud na dtrí théama ghinearálta is minice a aithníodh.





**Iomaíochas: 14.2% san Iomlán**

- Simpliú (57.8%)
- Dul Chun Cinn, Nuálaíocht agus Taighde Teicneolaíochta Technological Advancement, Innovation, and Research (36.2%)
- Dul Chun Cinn, Nuálaíocht agus Taighde Teicneolaíochta(3.4%)
- Lánpháirtiú, Infheistíocht agus Maoiniú an AE(2.6%)




**Luachanna: 12.3% san Iomlánan AE**

- Daonlathas, Cumhachtú Saoránach agus Cosaint na Sochaí Sibhialta (45.5%)
- Daonlathas, Cumhachtú Saoránach agus Cosaint na Sochaí Sibhialta (28.7%)
- Comhtháthú Sóisialta, Lánpháirtiú an AE agus an tAistriú Dúbailte (22.8%)
- Comhtháthú Sóisialta, Lánpháirtiú an AE agus an tAistriú Dúbailte (3%)




**Sláinte: 11.5% san Iomlán**

- Sláinte Coirp (53.2%)
- Bonneagar Sláinte (Athléimneacht) (40.4%)
- Meabhairshláinte (6.4%)

*Fíor 3: Dáileadh na bhfothéamaí i measc na dtéamaí is suntasaí*

Maidir leis na haighneachtaí arb iad ***an T-iomaíochas agus an Fás*** an téama uileghabhálach a bhí iontu, ba iad seo a leanas na príomh-fhothéamaí:

- » An Clár Oibre um Shimpliú, ag 57%
- » Dul Chun Cinn, Nuálaíocht agus Taighde Teicneolaíochta, ag 36%
- » Athléimneacht agus Ullmhacht, ag 3.4% agus
- » Lánpháirtiú, Infheistíocht agus Maoiniú an AE, ag 2.6%.

Maidir leis na haighneachtaí arb iad na Luachanna an téama uileghabhálach a bhí iontu, ba iad seo a leanas na príomh-fhothéamaí:

- » Daonlathas, Cumhachtú Saoránach agus Cosaint na Sochaí Sibhialta, ag 45.5%
- » Cearta an Duine agus Meas ar Dhínit an Duine, ag 28.7% agus
- » Comhtháthú Sóisialta, Lánpháirtiú an AE agus an tAistriú Dúbailte, ag 22.8%.

Maidir leis na haighneachtaí arb í an Tsláinte an téama uileghabhálach a bhí iontu, ba iad seo a leanas na príomh-fhothéamaí:

- » Sláinte Coirp, ag 53.2%
- » Bonneagar Sláinte (Athléimneacht), ag 40.4%
- » Meabhairshláinte, ag 6.4%.

Tá tábla ina léirítear dáileadh iomlán na dtéamaí agus na bhfothéamaí le fáil in Iarscríbhinn 1.

Dá réir sin, déantar an anailís chainníochtúil a threisiú le cuid mhór de mheasúnuithe na hanailíse cáilíochtúla, dála raon na réimsí beartais agus na dtograí reachtacha a luaigh na freagróirí faoi Cheist 2 san fhoirm aighneachta.

## Ceist 2

## Cé na réimsí beartais agus na tograí reachtacha ar leith ba cheart a bheith ina bhfócas oibre d'Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle in 2026? Cad ba cheart d'Uachtaránacht na hÉireann díriú air sna réimsí sin?

Thug na freagróirí neart sonraí maidir leis na réimsí beartais agus na tograí reachtacha ar leith ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh in Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. D'aithin thart ar 68% de na freagróirí reachtaíocht shonrach, straitéisí de chuid an AE nó tograí foirmiúla mar thosaíochtaí ríthábhachtacha. Cé go raibh na comhaid sin ag teacht go ginearálta leis na téamaí ní ba leithne sa chomhairliúchán, is léir óna dhoimhne a bhí an t-aiseolas go raibh feasacht agus spéis mhór ann i leith phróiseas cinnteoireachta an AE agus na slí a bhféadfadh Éire clár oibre reachtach an AE a stiúradh.

Bhí dáileadh na gcomhad dírithe ar roinnt príomhearnálacha. Bhain 25% de na comhaid tagartha le cúrsaí digiteacha agus teicneolaíocha, agus béim sheasta á leagan iontu ar fheabhsú iomaíochais trí infheistíocht agus simpliú rialála. Ba le beartas sláinte a bhain thart ar 20% de na comhaid tagartha agus le beartas comhshaoil a bhain 15% díobh. Is dócha go léiríonn an fócas sin an méid mór reachtaíochta ghníomhaí sna réimsí sin atá ag gluaiseacht trí chlár oibre an AE faoi láthair, mar aon le rannpháirtíocht níos spriocdhírithe ó pháirtithe leasmhara na n-earnálacha sin atá faoi dhianrialú.

Maidir leis an méid substainteach sonrach ba cheart a bheith mar rún ag

Uachtaránacht na hÉireann ar an AE a bhaint amach, ba mhinice a pléadh na réimsí beartais agus na tograí reachtacha seo a leanas ar fud na n-aighneachtaí.

## Iomaíochas agus fás geilleagrach

Ábhar ar tarraingíodh aird air go minic sna haighneachtaí ná an gá atá ann geilleagar na hEorpa a threisiú. Thathantaigh na freagróirí go seasta go mbeadh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE dírithe ar chur chun feidhme iomlán na moltaí atá i dtuarascáil Draghi maidir le hiomaíochas agus tuarascáil Letta maidir leis an Margadh Aonair. Bhí treoir shoiléir chun gnímh ann maidir leis an gclár oibre um shimpliú, agus na freagróirí ag áitiú gur cheart iarrachtaí a stiúradh in Uachtaránacht na hÉireann ar an AE chun maorlathas a laghdú, rialacháin chomhoiriúnacha a chomhchuibhiú agus feidhmiú ní b'éifeachtúla a chinntiú sa Mhargadh Aonair ar mhaithe le gnólachtaí agus saoránaigh araon. D'áitigh na freagróirí freisin gur cheart tairbhe a bhaint as an idirbheartaíocht maidir le CAI 2028-2034 chun maoiniú an AE a ailíniú le hiomaíochas mar aon le cuspóirí aeráidneodrachta, athléimneachta agus comhtháthaithe.

Sa bhreis ar na cuspóirí ginearálta geilleagracha, tharraing na freagróirí aird ar thosaíochtaí sonracha tionsclaíocha. Bhíothas i bhfabhar an Gníomh um Dhlús a chur leis an Tionsclaíocht a bhrú chun cinn agus fócas an AE ar dhéantúsaíocht teicneolaíochta glaine a mhéadú. Ina theannta sin, cuireadh athléimneacht slabhraí soláthair – i leith leathsheoltóirí go háirithe – agus tacaíocht do nuálaíocht dé-úsáide i láthair mar chéimeanna riachtanacha ar mhaithe le neamhspleáchas straitéiseach fadtéarmach na hEorpa.

## Nuálaíocht dhigiteach

Ó thaobh cúrsaí digiteacha de, mhol na freagróirí go mbeadh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE dírithe ar chur chuige cothrom maidir le rialáil agus fás. Áirítear leis sin cur chun cinn an Chreata Rialála Dhigitigh mar aon lena chinntiú go gcuirfear Gníomh an AE um an Intleacht Shaorga i bhfeidhm ar bhealach comhréireach chun tacú le glacadh an IS i measc fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). D'áitigh na freagróirí freisin go bhfuil sé tábhachtach an Margadh Aonair Digiteach a chuíchóiriú agus aghaidh a thabhairt ar na castachtaí atá ag dul i méid sa chibearshlándáil. Leagadh béim ar an deis shuntasach atá in Uachtaránacht na hÉireann chun infheistíocht a chur i dtreo claochlú digiteach tríd an CAI.

## Athléimneacht dhaonlathach

Rinneadh dlúthcheangal idir na ceisteanna digiteacha sin agus athléimneacht dhaonlathach. Tharraing go leor freagróirí aird ar an ngá atá ann dul i ngleic le bréagaisnéis agus saoirse na meán a chosaint ar fud an AE. Rinneadh tagairtí díreacha don Sciath Eorpach don Daonlathas go minic, de réir dearcadh gur cheart d'Éirinn leas a bhaint as a hUachtaránacht ar an AE chun cur leis na sásraí lena gcosnaítear institiúidí daonlathacha ar bhagairtí inmheánacha agus seachtracha.

## Beartais shóisialta

Réimse beartais eile ar leagadh béim air in go leor aighneachtaí ná beartas sóisialta. Mhol na freagróirí go gcuirfí leis an bhfócas ar fud an AE ar thithíocht, go sonrach trí Phlean an AE um Thithíocht Inacmhainne agus rún foirmiúil ón gComhairle maidir le heaspa dídine. Bhí éilimh láidre ann freisin go dtacódh Éire leis an Straitéis Eorpach um Míchumas, d'fhonn a chinntiú go ndéanfar cearta míchumais a phríomhshruthú agus

fhorfheidhmiú ar fud bheartais an AE. Mar thaca breise leis sin, bhí tagairtí forleathana do Straitéis an AE i gcoinne na Bochtaineachta agus tiomantas leanúnach do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

### Slándáil, cosaint agus beartas eachtrach

Bhí an plé a rinneadh ar shlándáil, cosaint agus beartas eachtrach ní ba ghinearálta de ghnáth. B'iondúil gur díríodh an t-aiseolas ar ról an AE maidir le rannpháirtíocht taidhleoireachta a dhéanamh agus ord domhanda cobhsaí a chur chun cinn chun coinbhleacht a chosc. Go suntasach, ba é an Gníomh um Chibearshlándáil an príomhchomhad teicniúil a pléadh sa chomhthéacs sin, rud a líon an bhearna idir beartas digiteach agus comhshlándáil. Tríd is tríd, chuir na freagróirí in iúl go raibh siad ag súil go gcothódh Éire comhar straitéiseach chun cur le slándáil agus cobhsaíocht an AE i rith a téarma.

### Agriculture, food systems, and Common Agricultural Policy (CAP)

Rinne na freagróirí neart plé ar bheartas talmhaíochta ar fud an AE freisin. Luadh an ghéarchéim dhéimeagrafach i measc feirmeoirí go minic, rud a léiríonn an gá atá le hathnuachan na hearnála ó ghlúin go glúin. D'áitigh na freagróirí gur cheart tosaíocht a thabhairt san Uachtaránacht don talmhaíocht athghiniúnach, beartais chun sláinte ithreach a fheabhsú agus maolú an riosca a bhaineann le luaineacht praghsanna. Tagraíodh go minic d'athchóiriú an CBT tar éis 2027, agus na freagróirí ag moladh go mbeadh an buiséad mar bhonn le hioncam feirme, fostaíocht tuaithe agus infheistíocht i scéimeanna nuálaíochta agus comhshaoil.

## Ceist 3

## Conas is féidir le hobair na Comhairle le linn théarma Uachtaránacht na hÉireann an tionchar dearfach is suntasaí a imirt ar dhaoine, ar ghnólachtaí agus ar phobail ar fud an AE?

Agus na bealaí ar féidir tionchar dearfach nithiúil a bhaint as Uachtaránacht na hÉireann ar an AE á n-aithint acu, rinne na freagróirí cuspóirí beartais ardleibhéil a cheangal go seasta le taithí saoil daoine agus réaltachtaí oibriúcháin gnólachtaí. B'iondúil gur luaigh na freagróirí na tosaíochtaí téamacha sonracha a roghnaigh siad i gCeist 1 agus na réimsí beartais agus na tograí reachtacha ar tharraing siad aird orthu i gCeist 2.

Tugann an t-aiseolas le fios go bhfuil an tionchar dearfach suntasach a shamhlaíonn an pobal fréamhaithe sa mhian atá acu go mbeadh tuilleadh comhtháthaithe, freagrúlachta agus comhfhios sóisialta san AE.

### Saol daoine aonair a fheabhsú

Thathantaigh go leor freagróirí go n-aistreofaí beartas an AE ina fheabhsuithe intomhaiste ar shláinte, sábháilteacht, cearta pearsanta agus dálaí maireachtála agus oibre shaoránaigh an AE. Ábhar a luadh arís is arís eile ná an gá atá le hinfheistíocht shóisialta chun comhionannas agus ionchuimsitheacht a spreagadh. D'áitigh go leor freagróirí, dá dtreiseofaí na córais náisiúnta sláinte agus dá gcinnteofaí an rochtain chothrom ar chúram, go dtreiseofaí folláine phobal na hEorpa dá réir.

Thug go leor freagróirí le fios gur cheart ardtosaíocht a dhéanamh de chosaint saoránach sa ré dhigiteach. Mhol na

freagróirí sin go gcuirfí an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga chun feidhme go hiomlán, agus iad ag glacadh leo mar uirlisí bunriachtanacha chun cearta an duine aonair a chosaint agus, ag an am céanna, chun tacú le dul chun cinn teicneolaíoch.

Ina theannta sin, glacadh leis an aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite ní hamháin mar riachtanas comhshaoil, ach mar phríomhuirlis cothroime sóisialta lena bhféadfaí tuilleadh fuinneamh in-acmhainne a sholáthar do theaghlaigh ar fud na mBallstát.

## Gnólachtaí a chumhachtú

Agus plé á dhéanamh acu ar shaincheisteanna a bhain leis an bpobal gnó, dhírigh na freagróirí go mór ar shárú na mbacainní ar fhás. Tharraing freagróirí aird go minic ar an gclár oibre um shimpliú agus ar an ngá atá ann dlíthe an AE a chomhchuibhiú mar an bhealach is éifeachtaí chun ualach an mhaorlathais ar ghnólachtaí a laghdú. Bhí comhaontú láidir ann, dá mbeadh tuilleadh comhtháthaithe sa Mhargadh Aonair – rud a chinntíonn saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine – go gcuirfí borradh mór faoi iomaíochas geilleagrach.

Anuas air sin, bhí na freagróirí a raibh fócas gnó acu ag súil go dtacódh Uachtaránacht na hÉireann ar an AE le timpeallacht nuálaíochta trí infheistíocht straitéiseach. Luadh go bhfuil sé ríthábhachtach dlús a chur leis an aistriú glas ina leith sin, agus na freagróirí ag áitiú nach mór eangacha fuinnimh a nuachóiriú agus cumhacht inacmhainne inbhuanaithe a dhaingniú chun go seasfaidh tionsclaíocht na hEorpa an aimsir agus go gcoinneofar seasamh láidir geilleagrach ar bhonn domhanda.

## Pobail agus comhtháthú sóisialta a threisiú

Go príomha, na freagróirí a raibh fócas gnó acu ar an bprionsabal nach bhfágfaí aon duine ar lár. Bhí éilimh ann go gcloífí go docht le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, rud a chinnteodh go gcosnófaí grúpaí leochaileacha i rith tréimhsí athraithe gheilleagraigh nó theicneolaíoch. D'áitigh go leor freagróirí gur den ríthábhacht é maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil do thionscnaimh comhtháthaithe shóisialta chun athléimneacht na bpobal áitiúil a chaomhnú agus folláine an phobail a uasmhéadú.

Glacadh le maoirseacht comhshaoil mar thosaíocht ag leibhéal na bpobal freisin. Bhí roinnt freagróirí den tuairim, dá dtacófaí le bainistíocht acmhainní inbhuanaithe trí chlár oibre láidir um an ngeilleagar ciorclach, go bhféadfadh an AE comhtháthú áitiúil a chothú agus, ag an am céanna, costais agus damáiste don chomhshaol a laghdú. Ar deireadh, ainneoin nár tagraíodh dó chomh minic céanna, tharraing roinnt freagróirí aird ar mhaoiniú inbhuanaithe do chúrsaí ealaíne agus spóirt mar bhealach uathúil cumhachtach chun tionchar dearfach a imirt ar chreatlach shóisialta na bpobal ar fud na mBallstát.

## Ceist 4

## Conas is fearr is féidir linn luachanna agus buntáistí na ballraíochta san AE a chur in iúl dá shaoránaigh agus mothú a chruthú, i measc na saoránach, gur leosan Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an AE?

Ba ghnách go raibh na freagróirí ní ba chruthaithí agus gur thug siad comhairle straitéiseach ina bhfreagraí ar an gceist sin, de bhrí gur mó a bhaineann sí le straitéisí cumarsáide ná beartas. Féadfar na freagraí ar an gceist sin a achoimriú sna trí chatagóir, mar atá déanta thíos.

### Rannpháirtíocht saoránach agus pobail

Moladh lárnach ná go gcuirfí fíor-rannpháirtíocht saoránach chun cinn go mór. Leag na freagróirí béim ar a thábhachtaí atá sé aird a tharraingt ar ról díreach na saoránach chun beartas an AE a mhúnlú, ag bogadh ar aghaidh ó chumarsáid aontaobhach agus i dtreo plé gníomhach déthaobhach.

Díríodh go sonrach ar rannpháirt a thabhairt do dhaoine óga, agus tionscnaimh ar leith amhail painéil chomhairleacha agus feachtais a bheadh dírithe ar an aos óg á moladh ag na freagróirí. Moladh go ndéanfaí comhoibriú le heagraíochtaí sochaí sibhialta, grúpaí pobail, tionchairí agus institiúidí taighde freisin chun for-rochtain a fhorbairt agus chun a chinntiú go gcuirfear tuairimí éagsúla chun tosaigh. Chun muinín agus trédhearcacht a neartú, mhol roinnt freagróirí go n-osclófaí cruinnithe agus imeachtaí oifigiúla eile na Comhairle don phobal, a mbainfí leas as na meáin shóisialta agus ábhar ar líne ina leith sin chun inrochtaineacht a uasmhéadú agus freastal ar an bpobal i gcoitinne. Glacadh leis gur gné ríthábhachtach den straitéis rannpháirtíochta sin é tuiscint idir na Ballstáit a chothú agus cultúr saibhir na hEorpa a cheiliúradh.

### Buntáistí nithiúla na ballraíochta san AE a léiriú

D’áitigh go leor freagróirí gurb iad na gníomhartha praiticiúla agus torthaí díreacha a bhfuil tionchar díreach acu ar an saol laethúil, seachas cur síos teibí, an bealach is fearr chun buntáistí an AE a chur chun cinn. I measc a moltaí, tarraingíodh aird ar an tslí a bhfeabhsaíonn an AE saol laethúil a shaoránach i réimsí amhail sláinte, slándáil, fostaíocht, rochtain ar chultúr agus deiseanna don aos óg.

Moladh go láidir go mbainfí leas as scéalaíocht agus insintí pearsanta mar uirlis chumhachtach chun na tionchair atá ag beartais an AE ar an bhfíorshaol a chur in iúl ar bhealach sothuigthe. Ó thaobh an gheilleagair de, leagadh an bhéim ar infheistíocht i nuálaíocht agus i gcruthú fostaíochta chun tacaíocht an AE do FBManna agus gnólachtaí ar mhéid níos mó a chur i láthair. Glacadh go seasta leis gur bealach fiúntach chun luach an Aontais a léiriú é daoine óga a chumhachtú trí dheiseanna feabhsaithe le haghaidh gluaiseachta, oideachais agus rannpháirtíocht dhíreach i gcinnteoireacht an AE.

### Gníomhartha a ailíniú le bunluachanna Eorpacha

Mhol roinnt freagróirí gur cheart beartais agus gníomhartha a bheadh ag teacht le bunluachanna Eorpacha a lorg in Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Bealach éifeachtach a bheadh ann sin chun na luachanna atá mar bhunchloch an AE a chur in iúl agus chun cabhrú le tuiscint ar chomhúinéireacht na ndaoine ar an Aontas a neartú.

I measc na bpríomhghníomhartha ina leith sin, mhol na freagróirí go ndéanfaí an daonlathas, an ceartas, an smacht reachta, an comhionannas, an cuimsiú sóisialta, cearta na ndaoine faoi mhíchumas agus cearta an duine a urramú agus a chur chun cinn trí obair Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Luadh gur léiriú praiticiúil ar luachanna ionchuimsitheacha é a chinntiú go mbeidh gach imeacht agus gach beartas inrochtana ag na saoránaigh uile, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas. Glacadh leis freisin gur den ríthábhacht é comhar agus dlúthpháirtíocht an AE a chur i láthair, go háirithe maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna amhail géarchéimeanna sláinte; an t-athrú aeráide; míshocracht sa gheilleagar; agus saoránaigh a chosaint ar bhagairtí amhail ionraí, sceimhlitheoireacht agus cibirionsaithe.

## Ceist 5

## Aon tuairim eile? (sa chás gur chuir freagróirí eolas breise ar fáil in éineacht lena bhfoirm aighneachta, iarradh orthu achoimre ar na hábhair lenar bhain a thabhairt faoin gceist sin).

Rinneadh an t-aiseolas a tugadh faoin gceist sin a anailísiú agus a chur san áireamh faoi na chéad cheithre cheist threoracha.

## Iarscríbhinn 1:

## Dáileadh iomlán théamaí agus fhothéamaí na n-aighneachtaí ar fad

| | Dáileadh Foriomlán agus in aghaidh an Téama | Dáileadh Foriomlán | Líon Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Iomaíochas** | **14.15%** | **14.15%** | **116** |
| Simpliú | 57.76% | 8.17% | 67 |
| Dul Chun Cinn, Nuálaíocht agus Taighde Teicneolaíochta | 36.21% | 5.12% | 42 |
| Athléimneacht agus Ullmhacht | 3.45% | 0.49% | 4 |
| Lánpháirtiú, Infheistíocht agus Maoiniú an AE | 2.59% | 0.37% | 3 |
| **Luachanna** | **12.32%** | **12.32%** | **101** |
| Daonlathas, Cumhachtú Saoránach agus Cosaint na Sochaí Sibhialta | 45.54% | 5.61% | 46 |
| Cearta an Duine agus Meas ar Dhínit an Duine | 28.71% | 3.54% | 29 |
| Comhtháthú Sóisialta, Lánpháirtiú an AE agus an tAistriú Dúbailte | 22.77% | 2.80% | 23 |
| Saoirse (chun Tuairimí a Nochtadh, Cainte, Gluaiseachta) | 2.97% | 0.37% | 3 |
| **Sláinte** | **11.46%** | **11.46%** | **94** |
| Sláinte Coirp | 53.19% | 6.10% | 50 |
| Bonneagar Sláinte (Athléimneacht) | 40.43% | 4.63% | 38 |
| Meabhairshláinte | 6.38% | 0.73% | 6 |
| **Comhshaol** | **10.00%** | **10.00%** | **82** |
| Cosc an Athraithe Aeráide agus Cur Chun Cinn na hInbhuanaitheachta | 65.85% | 6.59% | 54 |
| Cosaint Éiceolaíoch, Caillteanas Bithéagsúlachta agus Leas Ainmhithe | 25.61% | 2.56% | 21 |
| An Geilleagar Ciorclach | 8.54% | 0.85% | 7 |

| | Dáileadh Foriomlán agus in aghaidh an Téama | Dáileadh Foriomlán | Líon Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Beartas Sóisialta** | **8.54%** | **8.54%** | **70** |
| Beartas Comhionannais, Cúraim Shóisialta agus Míchumais | 61.43% | 5.24% | 43 |
| Tithíocht | 30.00% | 2.56% | 21 |
| Bochtaineacht | 8.57% | 0.73% | 6 |
| **Cúrsaí Digiteacha, Teileachumarsáid agus Teicneolaíocht** | **7.93%** | **7.93%** | **65** |
| Intleacht Shaorga | 50.77% | 4.02% | 33 |
| Príobháideachas Sonraí, Cosaint Sonraí agus Cibearshlándáil | 26.15% | 2.07% | 17 |
| Mífhaisnéis agus Bréagaisnéis | 12.31% | 0.98% | 8 |
| Bonneagar Digiteach agus Teicneolaíoch | 10.77% | 0.85% | 7 |
| **Gnóthaí Eachtracha agus Cosaint** | **6.34%** | **6.34%** | **52** |
| Slándáil Idirnáisiúnta, Cosaint agus Cur Chun Cinn na Síochána | 73.08% | 4.63% | 38 |
| Cúnamh Idirnáisiúnta | 19.23% | 1.22% | 10 |
| Bainistíocht Géarchéime agus Athléimneacht | 3.85% | 0.24% | 2 |
| Slándáil Mhuirí | 3.85% | 0.24% | 2 |
| **Beartas Fostaíochta agus Saothair** | **4.88%** | **4.88%** | **40** |
| Rochtain ar an Margadh Saothair: Fostaíocht don Aos Óg, Ionchuimsiú Daoine faoi Mhíchumas, Soghluaisteacht Fostaíochta | 70.00% | 3.41% | 28 |
| agus Forbairt Scileanna, Cosaint Pá, Ionadaíocht do Cheardchumainn, Dálaí Oibre agus Cómhargáil (Caidreamh Tionsclaíoch) | 30.00% | 1.46% | 12 |
| **Ceartas** | **4.63%** | **4.63%** | **38** |
| Gnéithe Inscne an Cheartais | 36.84% | 1.71% | 14 |
| Tearmann agus Imirce | 31.58% | 1.46% | 12 |
| An Smacht Reachta | 31.58% | 1.46% | 12 |
| **Fuinneamh** | **4.51%** | **4.51%** | **37** |
| Infheistíocht agus Taighde i bhFuinneamh Glan | 62.16% | 2.80% | 23 |
| Slándáil Fuinnimh | 37.84% | 1.71% | 14 |

| | Dáileadh Foriomlán agus in aghaidh an Téama | Dáileadh Foriomlán | Líon Iomlán |
|---|---|---|---|
| **Talmhaíocht** | **3.78%** | **3.78%** | **31** |
| Feirmeoireacht agus Slándáil Bia | 100.00% | 3.78% | 31 |
| **Oideachas agus Gnóthaí Óige** | **3.66%** | **3.66%** | **30** |
| Erasmus, Soghluaisteacht don Aos Óg, Oideachas Tríú Leibhéal, Oideachas Aosach agus Deiseanna | 90.00% | 3.29% | 27 |
| Beartas Luathscolaíochta agus Oideachais Bunscoile | 10.00% | 0.37% | 3 |
| **Geilleagar/Airgeadas** | **3.05%** | **3.05%** | **25** |
| An Margadh Aonair, Margaí Caipitil agus Coigilteas | 68.00% | 2.07% | 17 |
| Trádáil | 32.00% | 0.98% | 8 |
| **Cultúr agus Spórt** | **2.56%** | **2.56%** | **21** |
| Ceol, Cóipcheart, Ealaíona agus Cur Chun Cinn | 61.90% | 1.59% | 13 |
| Ilteangachas agus Mionteangacha | 14.29% | 0.37% | 3 |
| Spóirt: Infheistíocht, Cur Chun Cinn agus Maoiniú | 14.29% | 0.37% | 3 |
| Turasóireacht | 9.52% | 0.24% | 2 |
| **Iompar** | **1.22%** | **1.22%** | **10** |
| Infheistíocht Iompair | 90.00% | 1.10% | 9 |
| Sábháilteacht Iompair | 10.00% | 0.12% | 1 |
| **Gnóthaí Tomhaltóirí** | **0.73%** | **0.73%** | **6** |
| Cosaint Tomhaltóirí | 100.00% | 0.73% | 6 |
| **Méadú** | **0.24%** | **0.24%** | **2** |
| Beartas Aontachais agus Ullmhacht | 100.00% | 0.24% | 2 |

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland